# Draíocht Dara



**Údair**
Áine Nic Giolla Phádraig
Dr Máire Nic an Bhaird, Laoise Ní Chléirigh

**Ealaín agus Grianghrafadóireacht**
Emma Nolan
Daniel Nolan

**Eagarthóir**
Pól Ó Cainín

**Dearadh Grafach**
Outburst Design

***Ár mbuíochas le www.cogg.ie***
***Maoinithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta***

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Crainn

# 1

A pháistí, beimid ag tosú ar chúrsa nua inniu. Beimid ag foghlaim faoin dúlra - crainn, éin, ainmhithe, feithidí a bhíonn le feiceáil inár gceantar.


Rachaimid amach faoin aer gach lá chun féachaint ar na crainn agus ar na héin agus beimid ag labhairt as Gaeilge!

Inniu beimid ag foghlaim faoi chrainn.



# An Crann Darach

**Scríobh an focal ceart isteach sa bhosca ceart.**



## Codanna an chrainn

| | | |
|---|---|---|
| duilleoga | na craobhacha | nead |
| an stoc | na fréamhacha | uibheacha |
| an choirt | dearcán | |

## Nóta don mhúinteoir

*A pháistí, beimid ag dul amach go dtí an clós ar ball. Beidh sibh ag obair i mbeirteanna. Beimid ag féachaint ar chrainn. Beidh sibh ag freagairt na gceisteanna faoi chrann amháin.*

Féach ar na focail thíos ar dtús. Déan aicsean do gach focal.

## Gluais

### Leathan

Osclaíonn an múinteoir na lámha amach chun an focal 'leathan' a léiriú

### Caol

Úsáideann an múinteoir a lámha chun an focal caol a léiriú

### Láidir v Lag



### Mín v garbh



### Sean v Óg



# Roimh dhul amach

**A pháistí, táimid chun dul amach sa chlós anois. Beimid ag féachaint ar na crainn atá ann. Beidh sibh ag caint as Gaeilge an t-am ar fad.**

## Abairtí le rá roimh dhul amach

Beidh ar gach páiste 3 abairt a rá. Is féidir leis an múinteoir gníomhaíochtaí a dhéanamh chun a léiriú do na páistí cad is brí leis na habairtí.

- Anois, rachaidh mé amach go dtí an clós.
- Cuirfidh mé mo chóta orm roimh ré.
- Siúlfaidh mé amach le mo chara ____________________
- Tabharfaidh mé mo chóipleabhar liom
- Ba mhaith liom éin, crainn, spideog, damhán alla, duilleoga, beacha a fheiceáil.

*Abairtí le húsáid nuair a bheidh sibh amuigh sa chlós:*

- Féach ar an…
- Tá an crann…
- Tá na duilleoga..beag/mór/glas/donn/caol/leathan.
- Ta an corp mín/garbh/cnapánach.
- Brostaigh ort.
- Feicim…
- Tá sé go hálainn.
- Tá sé beag bídeach.
- Tá ____________________ agam.
- Déanfaimid ____________________.



# Ceistneoir ar Chrann

**Tabhair an bhileog seo do gach dalta.**



## Nóta don mhúinteoir

*Téigh tríd na ceisteanna agus trí mhíniú na bhfocal.*
*Cuir béim ar an gceist:*
*An bhfuil? agus an freagra Tá/Níl*
*Úsáid an ghluais chun na focail a mhíniú.*

## An Ceistneoir

- An bhfuil an stoc leathan nó caol? Tá an stoc ___________
- An bhfuil an crann láidir nó lag? Tá an crann ___________
- An bhfuil na duilleoga beag, mór, leathan, caol, glas, donn? Tá na duilleoga ______________________________
- An bhfuil an choirt mín/garbh? Tá an choirt ___________
- An bhfuil an crann sean/óg? Tá an crann ______________
- An bhfuil nead le feiceáil? Tá/Níl
- An bhfuil aon uibheacha sa nead? Tá/Níl uibheacha sa nead.



*Téigh chuig crann éigin agus líon isteach an ceistneoir le do chara. Nuair a bheidh sibh críochnaithe tar ar ais chugam agus roinn na freagraí le grúpa eile.*

I mbeirteanna, féach ar an bpíosa ealaíne atá déanta ag trí ghrúpa eile agus freagair na ceisteanna

# Bata Taistil a chruthú

## Ag teastáil

- Bata
- Rudaí ón dúlra: cleití, clocha, cipíní, bláthanna, duilleoga
- Gliú
- Corda

## Le déanamh

I mbeirteanna:

Déan iarracht bata a fháil.

Bailigh rudaí ón dúlra: cleití, clocha, cipíní, bláthanna (cinn atá ar fáil go flúirseach)


Cuir iad ar an mbata le gliú agus corda.

Taispeáin an bata do bheirt eile.

Cuir na ceisteanna seo ar a chéile:

> Cad atá ar do bhata taistil?
> Tá cleití/bláthanna/clocha/buairicíní/sméara air.

Croch na bataí taistil suas sa seomra ranga agus cuir ainmneacha na ndaltaí orthu.



# Crainn agus Daoine


# 2

Tóg na bataí anuas ón mballa. Fág an bata ar an deasc. Freagair na ceisteanna seo:

**Cad atá ar do bhata taistil?** Tá bláthanna, cleití, clocha ar mo bhata taistil.

### Ar mhaith leat aon rud a chur air inniu?

Ba mhaith liom duilleoga a chur air.
Ba mhaith liom ainm mo charad a chur air.
Ba mhaith liom peitil a chur air.
Ba mhaith liom bláth gorm/buí a chur air.
Ba mhaith liom cleite a chur air.



## Tábhacht na gCrann ar domhan

Is aoibhinn linn crainn! Déanann siad a lán rudaí maithe do dhaoine.

Tógann siad dé-ocsaíd charbóin as an aer agus scaoileann siad ocsaigin. Tá ocsaigin ag teastáil ó gach aon duine ar domhan!

Ólann crainn uisce, agus mar sin, cuireann siad stop le tuilte.

Cónaíonn éin, ainmhithe, feithidí agus plandaí ar chrainn. Chomh maith leis sin, tá cuma álainn ar chrainn! Tá draíocht speisialta ag baint leo. Cuireann crainn áthas ar dhaoine nuair a bhíonn siad timpeall orthu.

## Líon isteach na bearnaí:

**a.** Is aoibhinn ________ crainn!

**b.** Déanann siad a lán rudaí ________ do __________.

**c.** __________ siad dé-ocsaíd charbóin as an aer agus __________ siad ocsaigin.

**d.** Tá ocsaigin ag ___________ ó gach duine ar domhan.

**e.** __________ crainn uisce agus cuireann siad stop le ________.

**f.** Cónaíonn éin, ainmhithe, ________ agus ________ ar chrainn.

**g.** Tá ___________ speisialta ag baint le crainn.

**h.** Cuireann siad _________ ar dhaoine nuair a bhíonn siad timpeall orthu.



**An maith leat crainn? Cén fáth? Is maith liom crainn mar tá siad:**

- Láidir
- Sean
- Glas
- Óg

**An maith leat crainn? Cén fáth? Is maith liom crainn mar:**

- Scaoileann siad ocsaigin.
- Ólann siad uisce ón talamh
- Cónaíonn éin/ainmhithe/feithidí i gcrainn.
- Cabhraíonn siad le daoine.
- Cá bhfeiceann tú crainn ag fás? Feicim crainn ag fás i mo ghairdín/sa choill/sa pháirc/ar thaobh an bhóthair/i gclós na scoile.

# Comhrá roimh dhul amach faoin aer

## I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.

An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh mé /Ní chuirfidh mé mo chóta orm.

An dtabharfaidh tú do chóipleabhar leat? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh mé mo chóipleabhar liom.

Cad ba mhaith leat a fheiceáil inniu? Ba mhaith liom éin/crainn/bláthanna a fheiceáil.

Cad a chonaic tú inné? Chonaic mé crann mór/bláthanna buí/éin ag eitilt/nead i gcrann/duilleoga ar an talamh.




## Nóta don mhúinteoir

*Iarr ar na páistí píosa ealaíne a chruthú le rudaí ón nádúr.*

- *Baileoidh na daltaí duilleoga, cleití, clocha, cipíní agus cruthóidh siad* ***saothar ealaíne/dealbh*** *ar an talamh (ainmhí, crann, patrún….).*
- *Déanfaidh na daltaí é i mbeirteanna. Is féidir leis an múinteoir grianghraf de gach píosa ealaíne a ghlacadh.*
- *I mbeirteanna, féachfaidh na daltaí ar an bpíosa ealaíne atá déanta* ***ag trí ghrúpa*** *eile agus freagróidh siad na ceisteanna*

# Comhrá

- *Cé na dathanna atá le feiceáil?* Tá dath dearg, liath, dubh donn, buí, glas, bán le feiceáil.
- *Cé na rudaí a d'úsáid siad?* D'úsáid siad clocha, duilleoga, cipíní, cleití, dearcáin, bláthanna, peitil
- *An maith leat é?* Is maith liom é mar tá sé ildaite/ is maith liom an patrún/ is maith liom na dathanna/is maith liom an cruth/ní maith liom é mar…



## Nóta don mhúinteoir

*Tabhair na treoracha seo do na daltaí:*

- *Faigh dhá rud eile le cur ar do bhata taistil.*
- *Téigh ar ais go dtí an seomra ranga, cuir an dá rud nua seo ar an mbata le gliú agus corda.*
- *Cuir ceist ar an mbeirt in aice leat - Cad a chuir tú ar do bhata taistil inniu?*
- *Freagra: Chuir mé _______ ar mo bhata.*
- *Ar thaitin an rang leat inniu? Thaitin sé liom mar…*
    - *Bhí mé amuigh faoin aer*
    - *Chonaic mé bláthanna deasa*
    - *Thaitin an ealaín liom.*
    - *Bhí spraoi agam ag caint le mo chara.*



# Crainn Dhúchasacha

# 3

Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

Cuir ceist ar do chara

Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air.

Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom duilleoga/dathanna/focail bhreise a chur air.



# Crainn Dhúchasacha





## Léamhtuiscint

### Pointí Eolais — Cad is crann dúchasach ann?

12,000 bliain ó shin bhí Éire **clúdaithe le** sneachta agus oighear. Diaidh ar ndiaidh d'éirigh an aimsir **níos teo** agus d'imigh an t-oighear.

Ansin thosaigh crainn **ag fás**. Thug ainmhithe agus éin **síolta** na gcrann go hÉirinn ón Eoraip. Shéid an ghaoth síolta na gcrann go hÉirinn freisin. Bhí an crann darach agus an crann coill i measc na gcrann a tháinig go hÉirinn ag an am sin.

Ag an am sin bhí talamh idir Éirinn agus an Bhreatain.

Tar éis tamaill, tháinig ardú ar **leibhéal na bhfarraigí** agus fágadh Éire agus an Bhreatain ina n-oileáin. **Is iad na crainn dhúchasacha na crainn a tháinig go Éirinn sular fágadh Éire agus an Bhreatain ina n-oileáin.**

1. _______ bliain ó shin bhí Éire clúdaithe le sneachta agus ________.
2. Diaidh ar _______ d'éirigh an aimsir _____ _______.
3. _____________ an t-oighear.
4. Thug ainmhithe agus éin _________ na gcrann go hÉirinn.
5. Cad a bhí idir Éirinn agus an Bhreatain?
6. Tháinig ardú ar _________ na bhfarraigí agus fágadh Éire agus an Bhreatain ina n-___________.
7. Is iad na _______ _______________ na crainn a tháinig go Éirinn _______ fágadh Éire agus an Bhreatain ina n-oileáin.

# Crainn Dhúchasacha

**Tá na crainn dhúchasacha an-mhaith don éiceachóras. Cónaíonn níos mó eán, plandaí, feithidí, ainmhithe sna crainn dhúchasacha.**



An Péine Albanach



An Bheith



An Dair



An tIúr



An Sceach Gheal



An Fhuinseog



An tSaileach



An Crann Coill



An Crann Cuilinn


# Draíocht/Miotaseolaíocht

**Tá a lán scéalta agus miotaseolaíochta ag baint leis na crainn seo. Meaitseáil an crann leis an scéal.**

- Cuileann
- An tlúr
- An Sceach Gheal
- An Fhuinseog
- An Dair

- Is é rí na coille é.
- 'Crann na sí'. Níor bhain feirmeoirí an crann seo mar bhí eagla orthu roimh na sióga.
- Dhíbir Naomh Pádraig na nathracha nimhe as Éirinn le bata ón gcrann seo
- Bíonn an crann seo ag fás in aice le séipéil agus i reiligí.
- Cuireann daoine é sa teach um Nollaig.





## I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.

An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh/Ní chuirfidh.

Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.

An dtabharfaidh tú do chóipleabhar leat? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh

Cé na crainn ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom _______a fheiceáil.

Cad a chonaic tú inné/an tseachtain seo caite sa chlós/sa choill? Chonaic mé ______



# Machnamh




**(Suíonn na daltaí thart i gciorcal mór ar an talamh)**

## Treoracha ón Múinteoir

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?









# Ciorcal Cruathaitheach

Suíonn na daltaí timpeall i gciorcal mór

## Dán acrastach

Treoracha do na daltaí

- Roghnaigh crann dúchasach amháin
- Scríobh dán bunaithe ar an gcrann sin.
- Tosaigh gach line **le litir ón gcrann**.
- Bain úsáid as na focail úsáideacha thíos.
- Nuair a bheidh na dánta scríofa, léigh na dánta amach don rang.

Seo liosta de **na crainn dhúchasacha**: An Dair, Beith, An Sceach Gheal, An Cuileann, An Fhuinseog, An Péine Albanach, An tIúr, An Coll

### Focail úsáideacha:

Dearg, gorm, buí, dubh, bán, oráiste, glas

Mór, ard, láidir, beag, ramhar,

Titeann, lúbann, ritheann, piocann, séideann, bláthaíonn, fásann

Duillegoa, coirt, stoc, gas, fréamhacha, bláthanna

### Dán Samplach

**Dáir**

Dearg, glas, buí

Ard agus láidir

Ina seasamh go bródúil

Rí na Coille



Roghnaigh dhá chrann dhúchasacha. Scríobh an t-ainm síos ar phíosa páipéir.

Tarraing pictiúr den duilleog ar an bpíosa páipéir.

Le gliú agus corda, cuir an píosa páipéir ar do bhata taistil.

Croch an bata taistil thuas sa rang.





# Comhrá

Cad a chonaic tú inniu? Chonaic mé … (éin/crainn, crann darach, crann beithe, sceach gheal).

Cad a rinne tú sa chlós?  Bhailigh mé/D'imir mé/Chruthaigh mé/D'éist mé le.

An bhfaca tú éin? Chonaic mé spideog/Ní fhaca mé lon dubh.


Cén crann is fearr leat? Cén fáth? Is fearr liom an _______ mar tá sé láidir/mór/go hálainn.

Cén sórt aimsire atá ann inniu? Tá sé te/tirim/grianmhar/ag cur báistí/fuar/gaofar.










# An tábhacht agus an draíocht a bhaineann le crainn dhúchasacha

# 4

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air.
Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom duilleoga/peitil/bláthanna/focail bhreise a chur air.



# Na Crainn dhúchasacha

**Meaitseáil an t-ainm ceart leis an bpictiúr ceart.**

| | |
|---|---|
| An crann darach | An fhuinseog |
| An crann beithe | An péine albanach |
| An cuileann | An tsaileach |













## Cuir ceisteanna ar na daltaí.

**Tá na crainn dhúchasacha an-mhaith don éiceachóras. Cén fáth?**



- Cónaíonn ainmhithe, éin, feithidí, plandaí ar na crainn seo. Ainmnigh iad. (éin, féileacán, an t-iora)
- Tá siad an-tábhachtach i stair na hÉireann.

# Ogham

**Taispeáin bileog oibre den Aibítir Oghaim do na daltaí.**



## Léamhthuiscint

Is seanaibítir é an tOgham. Tagann an tOgham ón 4ú-6ú haois.

Tá gach litir/siombail bunaithe ar cheann de na crainn dhúchasacha.


Mar shampla,  B = Beith D = Duir/Dáir

Scríobhadh na siombailí seo **ar chlocha arda** agus léigh tú iad **ó bhun go barr**.

Tá a lán samplaí den Ogham le fáil **i gContae Chorcaí agus i gContae Chiarraí**.

## Freagair na ceisteanna


1. Cad is ainm don tseanaibítir? ______ is ainm don tseanaibítir.
2. Tagann an tOgham ón ________ _________.
3. Tá gach _____ bunaithe ar cheann de na _________ ____________.
4. Cár scríobh siad an tOgham?______________
5. Conas a léann tú an tOgham?
6. Tá samplaí den Ogham le fáil i _________ ________ agus i ___________ _____________.



## Tabhair bileog do na daltaí leis na siombailí Oghaim scríofa air.

Treoracha do na daltaí:

- Scríobh d’ ainm leis na siombailí Oghaim sa bhosca.
- Ansin déan é ar an talamh/ar an bhféar le cipíní, clocha, duilleoga, cailc.
- Ná déan dearmad go dtéann an tOgham ó bhun go barr.



# Comhrá roimh dhul amach faoin aer

## I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.

- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh/Ní chuirfidh
- Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé mo chóipleabhar/peann luaidhe, mo mhála liom.
- Cén crainn ar mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom crann darach/ cuileann/ crann beithe, saileach, péine Albanach a fheiceáil.
- Cad a bhfaca tú inné/an tseachtain seo caite sa chlós/sa choill? Chonaic mé ______(crann darach, crann beithe, spideog, nóinín, bláthanna, éin)



**Téigh amach faoin aer**

# Machnamh




**(Suíonn na daltaí thart i gciorcal mór ar an talamh)**

**Treoracha ón Múinteoir**

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?
- An bhfeiceann tú aon aghaidheanna sna scamaill?









## Ar ais sa seomra ranga

**An Bata Taistil**

- Le gliú agus corda, cuir an píosa páipéir le d'ainm scríofa in Ogham ar do bhata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Comhrá: i mbeirteanna



Inis dom faoi **dhá rud** a rinne tú inniu? Scríobh mé m'ainm/rinne mé machnamh/bhí mé ag caint/chonaic mé___/chuala mé ___.



Cén sórt aimsire a bhí ann? Bhí sé te/grianmhar/tirim/scamallach/gaofar/fuar/fliuich.


An maith leat rang a bheith agat amuigh faoin aer? Cén fáth? Is maith liom é mar tá sé spraíúil, sláintiúil, suimiúil.














# An Crann Darach

# 5

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom duilleoga/peitil/bláthanna/dathanna/cleite/focail bhreise a chur air.



# An Crann darach: Rí na Coille

**Firicí Suimiúla**

Maireann an crann darach ar feadh 150-300 bliain nó níos mó!
Cónaíonn suas le 400 éan/feithid/ainmhí agus fungas ar an gcrann darach.
Ólann crann darach mór suas le 400l uisce gach lá.
Tá an crann darach an-tábhachtach/mhaith don éiceachóras.



# Saolré an chrainn darach

**Meatseáil an litir (abairt) cheart leis an bpictiúr ceart.**

1 Tá an crann darach mór agus láidir. Cónaíonn a lán éan, ainmhithe, feithidí agus plandaí ann.

2 Tosaíonn an crann óg a fás.

3 Tosaíonn an crann darach mar shíol nó dearcán.

4 Ansin tosaíonn an crann ag péacadh.


A


B


C



D


# Comhrá roimh dhul amach




**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.**

- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh/Ní chuirfidh.
- Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé peann/ peann luaidhe, cóipleabhar/ mála liom.
- Cé na crainn ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom crann darach/crann cuilinn, crann fuinseoige a fheiceáil.
- Cad a chonaic tú inné/an tseachtain seo caite sa chlós/sa choill? Chonaic mé éin/bláthanna/crann darach/crann beithe/péine albanach/fuinseog.


















# Machnamh




**(Suíonn na daltaí thart i gciorcal mór ar an talamh)**


**Treoracha ón Múinteoir**

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?









## Téigh go crann darach/nó crann eile (bileog ag gach beirt)


- Déan suirbhé ar an gcrann.
- Bailigh dearcáin más é an Fómhar atá ann.
- Cuimil an choirt.
- **An bhfuil feithidí le feiceáil? Déan liosta.** Tá féileacáin, bóíní Dé, ciaróga, damháin alla le feiceáil.
- **Cé mhéad éan a chonaic tú?** Tá éan amháin/dhá/trí/ceithre/cúig éan le feiceáil.
- **Cé mhéad nead a chonaic tú?** Chonaic mé nead amháin/dhá/trí nead.
- **An raibh aon ainmhí le feiceáil?** Chonaic mé iora/coinín.
- **Cén dath bhí ar na duilleoga?** Bhí dath ____ar na duilleoga
- **An raibh an stoc leathan nó caol?** Bhí sé leathan/caol.
- **An raibh an choirt mín/garbh?** Bhí an choirt ______.

***Bailigh dhá dhuilleog agus dearcán amháin más féidir.*

## Ar ais sa seomra ranga

**An Bata Taistil**

- Le gliú agus corda, cuir duilleog agus dearcán an chrainn darach ar an mbata.
- Le gliú agus corda, cuir cuimilteán ó choirt an chrainn darach ar an mbata.
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Comhrá: i mbeirteanna






**Inis dom faoi dhá rud a chonaic tú inniu.**
Chonaic mé ______

**Inis dom dhá rud faoin gcrann darach.**
Tá sé mór/láidir/sean. Is é rí na coille é. Tosaíonn sé mar dhearcán.

**Cé mhéad éan a chonaic tú?**
Chonaic mé dhá/trí/ceithre/cúig éan.

**Cé mhéad ainmhí a chonaic tú?**
Chonaic mé dhá/trí/ceithre ainmhí

**Cad a chuir tú ar do bhata taistil inniu?**
Chuir mé cuimilteán, duilleoga, dearcáin air.







# An Crann Darach

# 6

Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

## Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, dearcáin, cuimilteán ón gcrann darach air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom duilleoga/peitil/bláthanna/focail bhreise a chur air.



# An Crann Darach

**I mbeirteanna, scríobh síos trí fhocal a bhaineann leis an gcrann darach.**

- Scríobhann an múinteoir iad ar an gclár bán.
- I mbeirteanna scríobh síos trí abairt faoin gcrann darach.
- Scríobh iad ar phíosa páipéir agus cuir iad le gliú agus corda ar an mbata taistil.






# Logainmneacha

San am atá thart bhí a lán crainn darach ag fás in Éirinn. Tá sé seo le feiceáil i gcuid de logainmneacha na tíre.

## Meaitseáil an áit leis an gcúige ceart.

| | |
|---|---|
| Cill Dara | Cúige Laighean |
| Doire | Cúige Uladh |
| Éadan Doire | Cúige Mumhan |
| Áthdara | Cúige Chonnacht |
| Dún Doire | |
| Baile Easa Dara | |

An bhfuil aon logainm i do cheantar leis an bhfocal 'dair, dara, doire' ann?





# Conas is féidir aois an chrainn a fháil amach?


Maireann an crann darach ar feadh na mblianta, níos mó ná **150 bliain**.

Fásann an stoc amach timpeall **2.5cm** gach bliain.

## Nóta don mhúinteoir

*Tabhair bileog oibre do gach beirt. 'A pháistí, anois gheobhaimid aois crainn. Táim ag tabhairt bileog oibre agus téada daoibh. Beidh rialóir ag gach beirt chomh maith.*

# Comhrá roimh dhul amach



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.**

Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé peann luaidhe/peann/rialóir/bileog oibre liom.

Cé na crainn ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom crann darach/crann cuilinn/crann beithe/crann fuinseoige a fheiceáil.

Cad a chonaic tú inné/an tseachtain seo caite sa chlós/sa choill? Chonaic mé crann darach/sceach gheal/cuileann/spideog/préachán.



Cé na fuaimeanna a chuala tú nuair a bhí tú sa chlós/sa choill? Chuala mé na héin ag canadh/an ghaoth ag séideadh/mo chairde ag caint/madra ag tafann.













# Machnamh








**(Suíonn na daltaí thart i gciorcal mór ar an talamh)**


**Treoracha ón Múinteoir**

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?










# Cén aois é an crann?







## Cén aois é an crann?

- Téigh go dtí crann agus tabhair buille faoi thuairim ar aois an chrainn. Líon é isteach ar an mbileog oibre.
- Anois, aimsigh an t-imlíne le píosa téada. Cuir an téad timpeall an stoic.
- Ansin, cuir an píosa téada ar an talamh agus úsáid miosúr chun an fad a fháil.
- Ansin roinn an uimhir sin le 2.5 chun aois an chrainn a fháil amach.
- Déan comparáid idir an tomhas a thug tú agus an aois ar tháinig tú uirthi leis an téad.

| | Tomhais | Aois an chrainn leis an téada agus an rialóir |
|---|---|---|
| **Crann 1** | Aois an chrainn=__________ | Imlíne an stoic: ________ ______cm ÷ 2.5=_____ (aois an chrainn) |

## Aois an chrainn a fháil amach trí na fáinní a chomhaireamh

- Déan iarracht stacán a fháil. Déan comhaireamh ar an méid fáinní atá le feiceáil ar aghaidh an stacáin.
- Le peann luaidhe cuir réalt ar an mbliain inar rugadh na daltaí. Iarr orthu teacht suas le hócáidí/blianta stairiúla/tábhachtacha a tharla agus réalt a chur ar na fáinní sin chomh maith. Líon isteach an tábla.

An stacán

| | Tomhais | An méid fáinní sa stacán (Aois an chrainn) |
|---|---|---|
| **Crann 2** | ______ Bliain d'aois | _______ bliain d'aois |





## Ar ais sa seomra ranga

**An Bata Taistil**

- Scríobh aoiseanna an dá chrann síos ar phíosa pháipéir. Tá an crann fiche bliain/tríocha/céad bliain d'aois.
- Scríobh síos d'aois féin chomh maith. Táim aon/dhá bhliain déag d'aois.
- Le gliú agus corda, cuir an píosa páipéir seo ar an mbata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.





# Comhrá



Cad a rinne tú sa rang inniu? Ghlac mé páirt i machnamh/ Fuair mé aois an chrainn amach/Chuir mé _____ar mo bhata taistil.

Cén aois é an crann is sine a chonaic tú? Tá sé fiche/tríoca/ daichead/céad bliain d'aois.

Cén aois tú? Táim ______ bhliain déag d'aois



Cé mhéad bliain atá idir tusa agus an crann is sine?
Tá an crann ___________ níos sine ná mé.

An bhfuil an crann sean nó óg? Tá an crann _______.









# Bláthanna Fiáine

# 7


## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá m'aois air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom duilleoga/dathanna/peitil/bláthanna/dathanna/cleite/focail bhreise a chur air.




# Struchtúr an Bhlátha



| | | |
|---|---|---|
| na peitil | beach | duilleoga |
| an lár | bóín Dé | fréamhacha |
| | an gas | |

# Bláthanna Fiáine

**Beimid ag foghlaim faoi bhláthana fiáine inniu. Féach ar an bpictiúr thíos agus freagair na ceisteanna thíos.**



1. Céard iad na dathanna a fheiceann tú sa phictiúr? Feicim dath gorm/buí/glas/bán/bándearg/oráiste/dearg/corcra.
2. Cén dath is fearr leat? Is fearr liom _____.
3. An bhfuil aon éadaí agat a bhfuil an dath sin orthu? Tá geansaí/sciorta/hata/T-léine/gúna/briste ______agam.
4. Céard iad na feithidí a fheiceann tú? Feicim beach/cuileog/bóín Dé/ciaróg.
5. Conas a mhothaíonn tú nuair a fhéachann tú ar an bpictiúr? Cuireann an pictiúr áthas/brón/sonas/lúchair/suaimhneas orm.
6. Cén t-am den bhliain atá ann, an dóigh leat? An t-earrach/An samhradh/An fómhar/An geimhreadh atá ann.
7. Cad é an planda/bláth is fearr leat? Cén dath atá air? Is fearr liom an nóinín/lus an chromchinn/an sabhaircín/an cloigín gorm mar is aoibhinn liom an dath/an cruth/an boladh.
8. Cathain a thugann daoine plandaí nó bláthanna mar bhronntanas dá chéile? Tugann daoine bronntanas dá chéile don bhreithlá/do lá na máithreacha/Lá Fhéile Vailintín.
9. Cén sórt aimsire atá ann? La breá atá ann. Tá sé grianmhar/te/tirim.
10. An bhfuil bláthanna ag fás i do ghairdín/i ngairdín na scoile? Tá/Níl.



# Comhrá roimh dhul amach



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach beirt.**



Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.

An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh mé/Ní chuirfidh mé.

Cé na bláthanna ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom nóiníní, lus an chromchinn, cloigíní gorma/sabhaircín/bláthanna buí/ bándearga/ gorma a fheiceáil.

Cé na fuaimeanna a chuala tú nuair a dhúisigh tú ar maidin. Chuala mé na héin ag canadh/carr ar an mbóthar/an t-alarm ag bualadh.

An bhfuair tú aon bholadh deas nuair a bhí tú sa chlós/sa choill? Fuair mé boladh deas ó na bláthanna agus ón bhféar.

Cén sórt aimsire atá ann inniu?
Tá sé grianmhar/ te/ tirim/ fuar/
fliuch/ gaofar/ scamallach.








**Taobh amuigh sa chlós/sa pháirc.**


Déanaigí ciorcal mór. Anois, táimid chun machnamh a dhéanamh. Suígí síos agus ligigí bhur scíth.



# Machnamh



1. Dún do shúile
2. Análaigh isteach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.
3. Análaigh amach tríd do bhéal ar feadh cúig shoicind.
4. Lig ort gur síol thú.
5. Ansin, sín amach mar atá tú ag fás.
6. Bog mar atá tú ag bogadh i dtreo na gréine.
7. Anois, tá do chuid peiteal ag oscailt amach.
8. Samhlaigh go bhfuil an t-uisce ag bogadh suas an gas agus ag tabhairt fuinneamh duit.
9. Análaigh isteach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.
10. Análaigh amach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.









# Siúlóid



Ar an tsiúlóid:
- Féachaigí timpeall.
- An bhfuil aon bhláthanna le féiceáil timpeall oraibh? Ar an bhféar/san fhál/faoin gcrann?
- Líonaigí amach **ceistneoir** faoi na bláthanna.






## Cén aois é an crann?


- Téigh go dtí crann agus déan tomhas ar aois an chrainn instead of tabhair buile faoi thuairim ar aois an chrainn. Líon é isteach ar an mbileog oibre.
- Anois, aimsigh an t-imlíne le píosa téada. Cuir an téad timpeall an stoic.
- Ansin, cuir an píosa téada ar an talamh agus úsáid miosúr chun an fad a fháil.
- Ansin roinn an uimhir sin le 2.5 chun aois an chrainn a fháil amach.
- Déan comparáid idir an idir an tomhas a thug tú agus an aois ar tháinig tú uirthi leis an téad.



| Bláth 1 | | Do Fhreagra |
|---|---|---|
| Cén dath atá air? | Tá dath gorm/ buí/ dearg/ corcra/ bán air. | Tá ______ |
| An bhfuil an gas leathan nó caol? (taispeáin do na daltaí céard é an gas) | Tá an gas leathan/caol. | Tá an gas _____ |
| An bhfuil an gas gearr nó fada? | Tá an gas gearr/fada. | Tá an gas ______ |
| An bhfuil aon duilleog air? | Tá duilleog amháin/dhá/ trí dhuilleog air. | Tá ….. |
| Cén dath atá ar na peitil | Tá dath gorm/buí/corcra ar na peitil. | Tá dath ____ ar na peitil |
| Cén dath atá ar an lár? | Tá dath buí/oráiste/bán ar an lár. | Tá dath______ ar an lár |
| An bhfuil aon bholadh as? | Tá boladh deas as/Níl aon bholadh as. | Tá/Níl________ |







| Bláth 2 | | Do Fhreagra |
|---|---|---|
| Cén dath atá air? | Tá dath gorm/buí/dearg/ corcra/bán air. | Tá _____ |
| An bhfuil an gas leathan nó caol? (taispeáin do na daltaí céard é an gas) | Tá an gas ______ | Tá_____ |
| An bhfuil an gas gearr nó fada? | Tá an gas _____ | Tá _____ |
| An bhfuil aon duilleog air? | Tá duillleog amháin/ dhá/trí dhuilleog air. | Tá____ |
| Cén dath atá ar na peitil | Tá dath gorm/buí/corcra ar na peitil. | Tá____ |
| Cén dath atá ar an lár? | Tá dath buí/oráiste/bán ar an lár. | Tá_____ |
| An bhfuil aon bholadh as? | Tá boladh deas as/Níl aon bholadh as. | Tá/Níl _____ |



Anois, bailigh bláthanna éagsúla. Bailigh dathanna éagsúla. (Ná bain aon bhláthanna nach bhfuil ag fás go flúirseach ann.)
Féach orthu agus ainmnigh iad, más féidir. Tabhair iad ar ais go dtí an seomra ranga/clós.







# Ar ais sa rang nó sa chlós

**Cuir an t-amhrán 'Bláth' le Colm Mac Con Iomaire ar siúl (You Tube). Fág an ceol ar siúl don chuid eile den cheacht.**

## Fáscadh Bláthanna

**Treoracha**

1. Cuir cúpla bláth ar pháipéar cistine.
2. Clúdaigh na bláthanna le rianpháipéar.
3. Ansin cuir cúpla bláth eile ar a bharr agus rianpháipéar orthu chomh maith.
4. Cuir cúpla leabhar trom ar a bharr. Brúigh síos le do lámha ar na leabhair.
5. Fág iad ann ar feadh seacht lá.
6. Ansin, beidh na bláthanna go deas tirim.
7. Cuir na bláthanna ar phíosa cháirtpháipéir le gliú. Úsáid iad chun leabharmharcanna a dhéanamh











**Bain úsáid as na focail agus nathanna cainte seo a leanas:**


- Ar dtús, cuirfidh mé na bláthanna ar an rianpháipéar.
- Ansin, cuirfidh mé píosa páipéir eile ar a bharr.
- Ina dhiaidh sin, cuirfidh mé níos mó bláthanna ar an bpáipéar agus cuirfidh mé píosa páipéir eile ar a bharr.
- Anois, cuirfidh mé leabhar trom ar a bharr. Brúfaidh mé síos ar na leabhair.
- Fágfaidh mé iad ar feadh seacht lá.

## An Bata Taistil

- Le gliú agus corda, cuir cúpla bláth ar do bhata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.




# Comhrá: i mbeirteanna



- **Inis dom faoi dhá rud a chonaic tú inniu.**
  Chonaic mé bláthanna buí/gorma/bana/ dearga.
- **Cé mhéad éan a chonaic tú?**
  Chonaic mé dhá/trí/ceithre/cúig éan.
- **Cad a thaitin leat faoin rang inniu?**
  Thaitin an machnamh/na bláthanna/an tsiúlóid/an bata taistil liom.
- **Cad a chuir tú ar do bhata taistil inniu?**
  Chuir mé dhá/trí/ceithre bhláth ar mo bhata taistil.
- **An bhfaca tú aon fheithidí?**
  Chonaic mé beacha/cuileoga/bóín Dé.
















# An Nóinín

# 8

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá m'aois air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna a chur air.





Na peitil, an gas, duilleoga, an lár, na fréamhacha, beach

Cuir an tiúin ‘Bláth’ le Colm Mac Con Iomaire ar siúl. (You Tube)

Tabhair an bhileog oibre ‘Struchtúr an bhlátha’ do na daltaí (lch49)

**Treoracha:**

Gearr bhaill an bhlátha amach agus cuir na píosaí le chéile chun bláth a dhéanamh.

Cuir lipéad ar baill an bhlátha: peitil, gas, duilleoga, fréamhaca, beach.

Ansin, dathaigh an bláth.

# Comhrá roimh dhul amach



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach beirt.**



Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.

An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh mé/Ní chuirfidh mé.

Cé na bláthanna ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom _______a fheiceáil.

Cé na fuaimeanna a chuala tú nuair a dhúisigh tú ar maidin? Chuala mé na héin ag canadh/mo dheartháir ag caint/ an leoraí bruscair.

Cén sórt aimsire atá ann inniu? Tá sé te/grianmhar/tirim/fuar/fliuch/gaofar/ scamallach.



**An múinteoir :** A pháistí, rachaimid amach ag siúl/go dtí an clós/go dtí an pháirc.

- Baileoimid nóiníní/bláthanna eile le gas caol.
- Déanfaimid slabhraí nóiníní/slabhraí bláthanna/coróin bláthanna.




# Machnamh



- Dún do shúile
- Análaigh isteach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh amach tríd do bhéal ar feadh cúig shoicind.
- Lig ort gur síol thú.
- Ansin, sín amach mar atá tú ag fás.
- Bog mar atá tú ag bogadh i dtreo na gréine.
- Anois, tá do chuid peiteal ag oscailt amach.
- Samhlaigh go bhfuil an t-uisce ag bogadh suas an gas agus ag tabhairt fuinnimh duit.
- Éist go géar.
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- An gcloiseann tú crónán na mbeach?











## Anois, a phaistí, táimid chun slabhraí nóiníní a dhéanamh. Éistigí go cúramach leis na treoracha.

**Treoracha**

- I mbeirteanna bailígí nóiníní. Bígí ag caint as Gaeilge agus úsáidígí na habairtí seo:
- Abairtí Úsáideacha
    - Feicim nóiníní.
    - Bainfidh mé cúpla ceann.
    - Féach tá cinn eile ansin.
    - Gheobhaimid cúpla ceann eile.
    - An bhfuil tú chun slabhra nó bráisléad nó coróin a dhéanamh?
    - Tá mé chun slabhra a dhéanamh.

## Suígí timpeall i gciorcal.

**Treoracha**

1. Leis an ionga ar d'órdóg, déan poll beag sa ghas ar nóinín amháin.
2. Cuir gas nóinín eile trí ghas an nóinín sin. Lean ar aghaidh leis an bpróiseas sin.
3. Ag an deireadh beidh slabhra nó coróin déanta agat.
4. Cuir iad timpeall an mhuinéil, nó timpeall an chinn.
5. Bí ag caint le do chara agus inis dó/di cad atá á dhéanamh agat.



Déanaigí ciorcal mór, beirigí greim ar lámha na ndaoine in aice leat. Canaigí amhráin Ghaeilge (aon amhrán Gaeilge atá ar eolas acu) le chéile i mbarr bhur gcinn is bhur ngutha.

### Focail úsáideacha

- Fáinne, fainne nóiníní
- Póca lán de bhláthanna
- A tish shoo, a tish shoo
- Titimid síos!



## An Bata Taistil

- Le gliú agus corda, cuir an slabhra/choróin nóiníní ar an mbata taistil ;
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Comhrá: i mbeirteanna





- **Inis dom faoi dhá rud a rinne tú inniu.**
  Chuaigh mé amach go dtí an clós/an choill/an pháirc.
  Rinne mé machnamh/rinne mé slabhra nóiníní/bhí mé ag canadh.
- **Cé mhéad éan a chonaic tú?**
  Chonaic mé dhá/trí/ceithre/cúig éan.
- **Cad a thaitin leat faoin rang inniu?**
  Thaitin an machnamh/na bláthanna/an tsiúlóid/ag déanamh an tslabhra nóiníní liom.
- **Cad a chuir tú ar do bhata taistil?**
  Chuir mé mo shlabhra nóiníní/choróin nóiníní ar mo bhata taistil.




# An Sabhaircín

# 9

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá m'aois air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna a chur air.



plúirín sneachta

cróc

nóinín

cam an ime

sabhaircín



bainne bó bleachtáin

lus an chromchinn

cloigín gorm

seamair bhán

aiteann

caisearbhán

Cuir an gearrthóg thíos ar siúl. Nuair a chloiseann na daltaí ainm an bhlátha, caithfidh siad an pictiúr a mheaitseáil leis an ainm ceart.
https://www.youtube.com/watch?v=KKbTeeFhSIA

# Léamhthuiscint: An Sabhaircín

Fásann an sabhaircín in Éirinn ó **Mhí Aibreáin go dtí Mí Bealtaine**. Is bláth **beag**, **gleoite** é. Tá na **peitil** buí agus tá an lár buí ach beagáinín níos dorcha. San am atá thart, d'úsáid daoine an sabhaircín chun **daoine a leigheas** nuair a bhí siad tinn **le tinneas cinn**, **tinneas fiacaile agus pian sa chorp**.





Bhí baint ag na sabhaicíní leis **na sióga**. Chuir daoine sabhaircíní ar leac dorais chun an teach agus daoine a chosaint ó na sióga. D'ith páistí óga na sabhaircíní **chun sióg a fheiceáil**! Chuimil na feirmeoirí an sabharicín ar na ba chun níos mó bainne a fháil uathu.



## Foclóir

- Peitil
- Tinneas cinn
- A leigheas
- Tinneas fiacaile
- Corp
- Na sióga
- Leac dorais
- Na ba



## Ceisteanna:

1. Cathain a fhásann an sabhaircín in Éirinn?
   Fásann siad i Mí ______ go dtí Mí ______.
2. Is bláth ____ agus _____ é.
3. Cén dath atá ar an sabhaircín? Dath ______ atá air.
4. Bhí an sabhaircín go maith chun tinneas _____ agus tinneas ____ a leigheas.
5. Bhí baint ag na sabhaircíní leis na _______.
6. Chuir daoine sabhaircíní ar _______ ______ chun an teach a ________.
7. D'ith páistí sabhaircín chun ______ a fheiceáil.
8. Chuimil na feirmeoirí an sabhaircín ar na ba chun níos mó _______ a fháil.




# Comhrá roimh dhul amach

**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach beirt.**



1. Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.
2. An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh mé/Ní chuirfidh mé.
3. Cé na bláthanna ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom sabhaircín/nóinín/plúirín sneachta/cloigín gorm/lus an chromchinn/bainne bó bleachtán/caisearbhán a fheiceáil.
4. Cé na bláthanna a chonaic tú inné/an tseachtain seo caite sa chlós/sa choill? Chonaic mé ______
5. Cé na fuaimeanna a chuala tú nuair a bhí tú sa chlós/sa choill? Chuala mé _____
6. Cén sórt aimsire atá ann inniu?










# Machnamh



- Dún do shúile
- Análaigh isteach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh amach tríd do bhéal ar feadh cúig shoicind.
- Lig ort gur síol thú.
- Ansin, sín amach mar atá tú ag fás.
- Bog mar atá tú ag bogadh i dtreo na gréine.
- Anois, tá do chuid peiteal ag oscailt amach.
- Samhlaigh go bhfuil an t-uisce ag bogadh anuas an gas agus ag tabhairt fuinnimh duit.













# Siúil timpeall

Déan iarracht sabhaircín agus na bláthanna fiáine eile a fheiceáil agus a aithint. Úsáid na frásaí/briathra/abairtí seo a leanas:



- Féach ar an nóinín.
- Feicim sabhaircín!
- Tá sé **in aice leis** an gcrann.
- Tá sé **faoin** gcrann.
- Tá sé **san** fhál.
- Tá sé **ar an** gcnoc.
- Tá sé **ar thaobh an** bhalla.





## Déan ciorcal mór

**Rólghlacadh i mbeirteanna**

- Ligeann an chéad duine air/uirthi gur ith sé sabhaircín.
- Ansin, tagann sióg amach (an dara duine) as an bhfál agus tosaíonn siad ag caint le chéile.
- Caithfidh an páiste agus an tsióg ceisteanna a chur ar a chéile.

## Ceisteanna samplacha

- Cad is ainm duit? ______ is ainm dom.
- Cá bhfuil tú i do chónaí? Táim i mo chónaí i mBaile Átha Cliath/i gCill Mhantáin/i gCorcaigh.
- Táim i mo chónaí sa chrann sin/faoin gcrann sin/i ndomhan na sióg
- An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha agat? Cad is ainm dóibh? Tá deartháir amháin/beirt/triúr deirfiúracha agam. ________ is ainm do mo dheartháir/ dheirfiúr.
- Cén sórt bia a itheann tú? Ithim___________
- Cé na bláthanna a thaitníonn leat? Is maith liom ____________

Éisteann gach duine le comhrá na bpáistí eile.

## An Bata Taistil

- **Scríobh síos an t-ainm a bhí agat ar an tsióg agus tarraing pictiúr de/di.**
- Le gliú agus corda, cuir an pictiúr seo ar do bhata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Comhrá: i mbeirteanna



**Inis dom faoi dhá rud a rinne tú inniu.** Chuaigh mé amach go dtí an clós/an choill/an pháirc. Rinne mé machnamh /chonaic mé nóinín/sabhaircín/plúirín sneachta/cloigín gorm.



**An bhfaca tú beach nó féileacán?** Chonaic/Ní fhaca.


**Ar bhuail tú le sióg?** Bhuail/Níor bhuail

**Cad a thaitin leat faoin rang inniu?** Thaitin an machnamh/ na bláthanna/an tsiúlóid/an comhrá leis an síog liom.

**Cad a chuir tú ar do bhata taistil?** Chuir mé pictiúr den tsíog ar mo bhata.














# An Cloigín Gorm

# 10

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/focail/pictiúr a chur air.



## Ceisteanna (Comhrá le do chara)

**1.** Cad is ainm do na bláthanna sa phictiúr? Sabhaircíní/nóiníní/lus an chromchinn/cloigíní gorma is ainm dóibh. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann ceart)

**2.** Cá bhfuil siad ag fás? Tá siad ag fás sa pháirc/san fhál/sa chlós/sa choill. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann ceart)

**3.** Cén t-am den bhliain atá ann? An t-earrach/An samhradh/An fómhar/An geimhreadh atá ann. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann ceart)

4. Cén sórt aimsire atá ann? Tá sé grianmhar/te/tirim/fliuch/gaofar/scamallach. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann/na cinn cearta)

**5.** Cén dath atá orthu? Dath bán/dearg/bándearg/dúghorm/gorm/dubh/buí/oráiste atá orthu. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann ceart)

**6.** Conas a mhothaíonn tú nuair a fhéachann tú ar an bpictiúr? Cuireann an pictiúr áthas/fearg/díomá/sonas/gliondar croí/brón orm. (Cuir ciorcal timpeall ar an gceann ceart)



# Léamhthuiscint

Fásann **cloigíní gorma san earrach** agus sa samhradh. Fásann siad **go flúirseach** in Éirinn. Deirtear **go dtagann na sióga** amach nuair a **bhuaileann** tú cloigín gorm. Chomh maith leis sin, deirtear go bhfuil **mí-ádh** ag baint le cloigíní gorma. Tá cloigíní gorma **nimhneach**. Má chuireann tú **fleasc** de chloigíní gorma timpeall ar do mhuinéal, caithfidh tú **an fhírinne** a insint.




## Foclóir

- Na cloigíní gorma 
- Fásann siad go flúirseach = fásann a lán díobh in Éirinn. 
- Sióga 
- Nimhneach = Má itheann tú rud éigin nimheach, beidh tú tinn, nó gheobhaidh tú bás. 
- Fleasc 

1. Cathain a fhásann na cloigíní gorma? Fásann cloigíní gorma ________ ____________ agus ________ ____________.
2. Cad a tharlaíonn nuair a bhuaileann tú cloigín gorm? Nuair a bhuaileann tú cloigín gorm, tagann _______ ____________ amach.
3. Tá ______________ ag baint le cloigíní gorma.
4. Tá cloigíní gorma _________________.
5. Má chuireann tú fleasc de chloigíní gorma timpeall ar do mhuinéal, caithfidh tú _______ __________ a insint.

# Comhrá roimh dhul amach



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.**

Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.

Cén bláth ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom cloigín gorm, sabhaircín/nóinín/lus an chromchinn/ plúirín sneachta a fheiceáil.

An bhfaca tú cloigín gorm riamh?

An bhfuil eagla ort roimh na sióga?
Tá/Níl **eagla orm** roimh **na sióga**.















# Machnamh

**(Suíonn na daltaí i gciorcal mór ar an talamh)**




## Treoracha ón Múinteoir

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?











## Siúil timpeall an chlóis/na páirce/na coille.

### Treoracha ón Múinteoir

- Bí ag faire/ag féachaint amach do chloigíní gorma.
- Bí ag caint le do chara.
- Úsáid na frásaí seo:
  - ‘féach ar na cloigíní gorma faoin gcrann’
  - ‘féach ar an sabhaircín faoin gcrann darach’
  - ‘tá an bláth sin an-bheag’
  - ‘is maith liom an dath’
  - ‘tá beach ar an gceann buí’
  - ‘tá féileacán ar an gceann gorm’
  - ‘féach ar an nóinín’
  - ‘feicim sabhaircín!”
  - ‘tá sé **in aice leis** an gcrann.’
  - ‘tá sé **faoin** gcrann.’
  - ‘tá sé **san** fhál.’
  - ‘tá sé **ar an** gcnoc.’
  - ‘tá sé **ar thaobh an** bhalla.’



# Tarraing Pictiúr

- **Suigh ar an talamh agus tarraing** trí bhláth a chonaic tú inniu.
- Taispeáin iad don duine in aice leat.
- Caithfidh do chara cur síos a dhéanamh ar na bláthanna a tharraing tú. 'Tá an bláth sin beag. Tá gas caol aige. Dath buí atá air. Tá beach air. Tá sé ag fás faoin gcrann.

## Déan ciorcal mór

- Tabhair bileog do na daltaí le ceisteanna (fírinne) agus orduithe (dúshláin).
- Imir an cluiche Fírinne nó Dúshlán.
- Imir i ngrupaí beaga. Samplaí
- Fírinne: Inis dom faoi rud greannmhar a tharla duit. Chuaigh mé ar scoil agus mo phitseamaí orm/Chuir mé an t-ainm ‘Mamaí’ ar mo mhúinteoir!
- Cén dara hainm atá ort?_______ an dara hainm atá orm.

### Dúshláin

- Rith timpeall na páirce faoi dhó.
- Téigh timpeall na páirce ar do chosa agus do lámha.
- Can amhrán.
- Déan rince.




## An Bata Taistil

- Le gliú agus corda, cuir do phictiúr de na bláthanna ar an mbata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.




# Ciorcal Dúlra



## Freagair na ceisteanna

- Cé na bláthanna a chonaic tú inniu? Chonaic mé cloigíní gorm/ sabhaircíní/nóiníní/lus an chromchinn/cróc/cam an ime/ caisearbhán.
- Cén dá rud a thaitin leat faoin rang inniu? Thaitin an machnamh/an cluiche fírinne nó dúshlán/tarraingt na bpictiúr liom.
- Cad a chuir tú ar do bhata taistil innu? Chuir mé pictiúr/duilleoga/bláthanna/ noiníní ar mo bhata taistil.






# An Sceach Gheal

# 11

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúr/duilleoga a chur air.



# Léamhthuiscint

Bhí **áit lárnach** ag an **sceach gheal** i saol na ndaoine fadó. Ba chrann **beannaithe** í. Bhí baint ag an gcrann seo leis **na sióga**. Crann na sióg an t-ainm a tugadh air. Bhí eagla **ar na feirmeoirí** an crann **a bhaint** mar chuirfeadh sé seo **fearg ar na sióga**. Bhí an crann ann **chun an doras chuig domhan na síog** a chosaint. **Ar oíche Bhealtaine** cuireann daoine **ribíní ar chraobhacha** an chrainn. Seasann na **ribíní gorma don tsláinte, na ribíní bána dearga don ghrá**, na **ribíní glasa nó óra don rath**.


Is féidir na bláthanna agus na duilleoga **a ithe** agus tá siad go maith **do do shláinte uaireanta**. Ach, ná hith bláthanna nó duilleoga riamh gan saineolas ó dhuine éigin atá cáilithe.





## Freagair na ceisteanna

- Bhí ____________ ag an sceach gheal i saol na ndaoine.
- Bhí baint ag an gcrann seo leis na ________.
- Cén t-ainm a tugadh ar an gcrann?
- Cén fáth a raibh eagla ar na feirmeoirí?
- Bhí an crann ann chun an doras ___ ____ __ _____ a chosaint.
- Ar oíche ___________ cuireann daoine ribíní ar _______ an chrainn.
- Seasann na ribíní bána dearga don _______.
- Tá na bláthanna agus duilleoga go maith don ____, don ____ ____, don ______ agus don _____.



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire**

Cá bhfuil tú ag dul anois? Táim ag dul AMACH go dtí an pháirc/an clós.

Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé________liom.

Cén bláth ba mhaith leat a fheiceáil inniu? Ba mhaith liom cloigín gorm/sabhaircín/plúirín sneachta/nóinín/lus an chromchinn a fheiceáil.

An bhfuil aon bhláthanna ag fás i do ghairdín? Tá nóiníní/ caisearbháin/ cloigíní gorma/cam an ime/lus an chromchinn/cróc ag fás sa ghairdín.














# Machnamh

**(Suíonn na daltaí i gciorcal mór ar an talamh)**




## Treoracha ón Múinteoir

- Dún do shúile.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 4 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 5 shoicind.
- Déan é sin faoi dhó
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Cuir lámh amháin ar do chroí, cuir lámh éile ar do bholg.
- Tarraing anáil isteach tríd do shrón ar feadh 5 shoicind.
- Lig anáil amach tríd do bhéal ar feadh 7 soicind.
- Déan é sin faoi dhó.
- Éist go géar leis na fuaimeanna timpeall ort
- An gcloiseann tú an ghaoth ag séideadh?
- An gcloiseann tú fuaim na nduilleog sa ghaoth?
- An gcloiseann tú na héin ag canadh?
- Oscail do shúile, cad a fheiceann tú?
- An bhfeiceann tú na crainn ag bogadh?
- An bhfeiceann tú éin ag eitilit?
- An bhfeiceann tú na scamaill ag bogadh?











# An Sceach Gheal: Crann na Bealtaine.

**Tabhair trí ribín do gach beirt: dath gorm, dath bándearg agus dath glas.**

**Ceangail ribíní ar an sceach gheal nó ar chrann eile atá le fáil.**

Caithfidh na daltaí a rá cad atá á dhéanamh acu.


- Táim ag cur ribín gorm ar an gcrann. (Seasann an gorm don tsláinte)
- Táim ag cur ribín bándearg ar an gcrann. (Seasann an dath bándearg don ghrá)
- Tá ag ag cur ribín glas ar an gcrann. (Seasann an glas don rath (airgead)
- Déan ciorcal timpeall an chrainn.
- Dún do shúile agus i do cheann gabh buíochas as trí rud i do shaol.
- Ansin, smaoinigh ar an mian atá agat don bhliain atá amach romhat. Lámh le lámh, can amhrán le chéile.

Táim buíoch as…..

- mo theaghlach
- mo chairde
- mo theach
- spórt
- na sióga mar lig siad dúinn na ribíní a cheangail ar an gcrann

An bhliain seo chugainn, tá súil agam

- go mbeidh mo theaghlach sláintiúil
- go mbuafaidh mé an chraobh peile
- go rachaidh mé ar laethanta saoire
- go mbuafaidh mo theaghlach an Lotto



**Táimid chun liomanáid a dhéanamh as na bláthanna. Féachaigí orm agus éistigí leis na treoracha chun líomanáid a dhéanamh.**

## Líomanáid



Faigh babhla mór. Líon é le 2L go leith d'uisce.

Cuir 7 spúnóg boird d'fhínéagar ceirtlíse isteach sa bhabhla






Cuir 100g mil ann.
Measc iad

Cuir an sú liomóide isteach.





Gearr liomóid eile ina slisíní agus cuir iad isteach sa bhabhla.

Cuir na 10/15 bláth ón sceach gheal isteach.





Fág an babhla in áit gheal ghrianmhar ar feadh 24 uair an chloig.


**Is féidir leis na daltaí an liomanáid a bhlaiseadh an lá dár gcionn.**

## An Bata Taistil

- Ceangail trí ribín ar do bhata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.




# Ciorcal Dúlra



## Freagair na ceisteanna

- **Cad a rinne tú sa rang inniu?** Ghlac mé páirt i machnamh/bhailigh mé bláthanna ón sceach gheal/rinne mé liomáid.
- **Cén dá rud a thaitin leat faoin rang inniu?** Thaitin an machnamh/ag cur na ribíní ar an gcrann/ag canadh/ag déanamh líomanáide liom.
- **Cad a chuir tú ar do bhata taistil innu?** Chuir mé ribín/duilleoga/bláthanna ar an mbata.






# An Caisbhearbhán

# 12

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg/dhán air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúir/duilleoga a chur air.



# Ainm: An Caisearbhán



Féach ar an bpictiúr.

An bhfuil sé ag fás i do ghairdín? Tá/Níl

Tá an bláth seo an-tábhachtach do na beacha, na héin agus na feithidí.

## Pointí Eolais faoin gcaisearbhán

### Firicí


- Bíonn an caisearbhán le feiceáil **ó Mhárta go Deireadh Fómhair**.
- Is aoibhinn leis **na beacha, na féileacáin, na héin, na ciaróga** an bláth seo. Téann siad go léir chuig an gcaisearbhán chun **bia a fháil** tar éis chodladh an gheimhridh.
- Tá caisearbháin **lán le neachtar**.
- Fásann siad go flúirseach in Éirinn.




- Tá saolré speisialta acu.
- Tosaíonn an caisearbhán **mar shíol**.
- Ansin fásann **na duilleoga**.
- Ina dhiaidh sin **tagann an bláth amach**.
- Taobh istigh de sheachtain amháin, **athraíonn sé ina cheann síolta**.
- **Séideann an ghaoth** an ceann síolta nó an 'clog' tríd an aer.
- Nuair **a thuirlingíonn na síolta ar** an talamh, **fásann caisearbháin eile**.
- Is féidir leis na síolta eitilt ciliméadar ón mbláth.
- Is féidir na duilleoga óga **a ithe**. Tá siad lán le **vitimíní agus frithocsaídeoirí**. Tá **blas searbh** orthu.
- Déantar **tae agus caifé** as an gcaisearbhán.
- Úsáidtear iad chun **faithní** a leigheas.
- Tá an caisearbhán go maith chun **pian i do bholg, casacht, slaghdán agus fadhbanna craicinn** a leigheas.
- Tugtar '**Bláth Bríde**' ar an gcaisearbhán mar is é an chéad bhláth a thagann amach tar éis lá Fhéile Bríde.
- Seasann an bláth **do theacht an earraigh**.

## Ceisteanna

- Cathain a bhíonn an caisearbhán le feiceáil? Bíonn an caisearbhán le feiceáil ó ____________ go _____________ _____________.
- Is aoibhinn leis ____ ________, ____ _________ agus na ____ ________ an mbláth seo. Téann siad go léir chuig an gcaisearbhán chun bia a fháil ____ _____ ___________ ____ __________.
- Tá siad lán le ___________.
- Tá _________ speisialta acu.
- Tosaíonn an caisearbhán ______ ______.
- Ansin fásann ____ _____________.
- Taobh istigh de sheachtain amháin, athraíonn sé ina ________ _______.
- Tá blas searbh ar na duilleoga.
- Tá an caisearbhán go maith chun phian i do ________, casacht, _________ agus fadhbanna craicinn a ___________.
- Tugtar 'Bláth Bríde' ar an g___________ mar is é _____ _______ bhláth a thagann amach tar éis lá Fhéile Bríde.
- Seasann an bláth do _________ _____ _________.



# Comhrá roimh dhul amach



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.**

Cén sórt aimsire atá againn inniu? Tá sé te/ grianmhar/ tirim/ fliuch/ fuar/ gaofar/ scamallach.

An bhfuil sé tirim? Tá/Níl


An bhfuil sé fuar? Tá/Níl


Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.

Cén bláth ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom _______a fheiceáil.
















# Machnamh

**(taobh amuigh i gciorcal mór)**



- Dún do shúile
- Análaigh isteach tríd do shrón ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh amach tríd do bhéal ar feadh cúig shoicind.
- Lig ort gur síol thú.
- Ansin, sín amach mar atá tú ag fás.
- Bog mar atá tú ag bogadh i dtreo na gréine.
- Anois, tá do chuid peiteal ag oscailt amach.
- Samhlaigh go bhfuil an t-uisce ag bogadh anuas an gas agus ag tabhairt fuinnimh duit.
- Féach timpeall oraibh.
- An bhfeiceann tú aon bhláthanna ag fas?
- Cén dath atá ar na bláthanna ar a bhfuil na beacha/féileacáin?
- An bhfeiceann tú caisearbhán ag fás? An bhfuil beach/feithid air?
- An bhfeiceann tú caisearbhán a bhfuil ceann síolta air?











# An clog

Tugann daoine an t-ainm 'an clog' ar an gceann síolta. Deirtear go bhfaigheann tú amach an t-am ó a bheith ag séideadh na síolta den bhláth.

I mbeirteanna caithfidh gach beirt iarracht a dhéanamh teacht ar cheann síolta. Luigh ar an talamh in aice leis an mbláth agus déan iarracht a t-am a fháil amach.

1. Séid amach ar an gceann síolta uair amháin- tá sé a haon a chlog
2. Séid amach ar an gceann síolta faoi dhó – tá sé a dó a chlog
3. Séid amach ar an gceann síolta faoi thrí- tá sé a trí a chlog.



## Caithfidh gach beirt teacht ar chaisearbhán buí

Freagair na ceisteanna seo thíos faoi. Ansin, tabhair caisearbhán amháin ar ais go dtí an rang.

- Cén dath atá air? Tá dath ___ air.
- An bhfaca tú aon fheithid ar an gcaisearbhán. Chonaic mé …
- An bhfuil an gas leathan nó caol? Tá sé ..
- An bhfuil an gas fada nó gearr? Tá sé …
- An bhfuair tú aon bholadh uaidh? Fuair mé boladh uaidh/Ní bhfuair mé boladh.
- Cé mhéad caisearbhán a chonaic tú? Chonaic mé dhá/trí /ceithre/ cúig/sé chaisearbhán.





## Ar ais sa seomra ranga: Tae Caisearbhán

### Liosta comhábhar

- 10/15 chaisearbhán
- Sáspan
- 3 chupán lán le huisce
- Mil
- Cupán páipéir do gach dalta

### Treoracha

- Líon sáspan le huisce.
- Cuir peitil ó 20 caisearbhán isteach san uisce.
- Cuir clúdach air agus fág é ar feadh 20 nóiméad.
- Blais é agus cuir mil leis más maith leat.
- Tabhair braon beag do gach dalta chun an tae a bhlaiseadh.



### I mbeirteanna

**Freagair na ceisteanna seo:**

- An bhfuil an tae searbh nó milis?
  Tá sé.../Níl sé...
- An maith leat é? Is maith/Ní maith liom mar ......
- An ólann tú tae gach lá? Ólaim/Ní ólaim
- Cén deoch is fearr leat? Is fearr liom ....

## An Bata Taistil

- Le corda agus gliú cuir caisearbhán ar do bhata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Ciorcal Dúlra



- **Ar thaitin an ceacht leat inniu? Thaitin sé liom/Níor thaitin sé liom.**
- Cad iad na bláthanna a chonaic tú inniu? Chonaic mé …
- Cad iad na feithidí a chonaic tú inniu? Chonaic mé beacha/damhán alla/ ciaróg/ cuileog/ bóín Dé.
- An maith leat an caisearbhán? Cén fáth? Is maith liom é mar../ Is maith liom an dath/ tá sé úsáideach do na beacha/ is maith leis na féileacáin é/tá sé lán le pailin/fásann siad go héasca.











# Éin

# 13

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann, tá mo aois air, pictiúr de shióg air, caisearbhán air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúir/duilleoga/cleití a chur air.



**Inniu a pháistí, beimid ag foghlaim faoi na héin a bhíonn timpeall orainn gach lá.**

Cuir an focal ceart sa bhosca ceart.

gob, sciathán, cleite, cleití, súile, ucht, eireaball, cos, nead, uibheacha



# Ceol na n-éan

Tá **amhrán difriúil** ag gach éan. Bíonn siad ag canadh chun glaoch a chur ar éan eile nó chun éan a mhealladh. Bíonn an t-éan fireann ag iarraidh bualadh le héan baineann chun **éin óga** a bheith acu. Tógann siad nead le chéile. Beireann an t-éan baineann uibheacha sa nead.

Bíonn ceol na n-éan le cloisteáil go hard ag breacadh an lae i rith an earraigh.

## Líon isteach na bearnaí

1. Tá amhrán ___________ ag gach éan.
2. Bíonn siad ag canadh chun glaoch a chur ar ______ eile nó chun éan a mhealladh.
3. Bíonn an t-éan _________ ag iarraidh __________ ____ heán baineann chun ______ óga a bheith acu.
4. Tógann siad ________ le chéile.
5. Beireann an t-éan baineann ___________ sa nead.
6. Bíonn an ceol le cloisteáil go hard ag _________ _____ _______ i rith an earraigh.



**Múinteoir:** Dúnaigí bhur súile agus éistigí go géar.

An bhfuil sibh ábalta ceol na n-éan a chloisteáil? Tá/Níl

An bhfuil a fhios agaibh cén t-éan atá i gceist? Tá. Is spideog/préachán/snag breac é.

Táimid chun éisteacht le ceol cúpla éan anois.

I dtús báire, éistfimid le ceol na spideoige.

Seo pictiúr de spideog.

Cén dath atá ar a ghob? Dath _____ atá ar a ghob.

Cén dath atá ar a ucht? Dath _____ atá ar a ucht.

Cén dath atá ar a bholg? Dath ______ atá ar a bholg.

Cén dath atá ar a chuid cleití eile? Dath ______ ata ar a chuid cleití eile.

An bhfeiceann sibh an t-éan seo go minic? Feicim/Ní fheicim an t-éan seo go minic.

Cá bhfeiceann tú an spideog? Feicim an spideog sa ghairdín/i gclós na scoile/sa pháirc/ar na sreangacha leictreacha.

### Ceol na spideoige

Cuir an ghearrthóg thíos ar siúl **faoi thrí**.
A dhaltaí, dúnaigí bhur súile agus éistigí leis an gceol. Ansin, glaoigh amach ceol na spideoige.

https://youtu.be/RWIU-jrg_-w



Féach ar an dara héan: an lon dubh.

- Cén dath atá ar an lon dubh? Dath ______atá ar an lon dubh.
- Cén dath atá ar a ghob?  Dath ____ ar a ghob.
- An bhfeiceann tú an t-éan seo go minic? Feicim/Ní fheicim
- Cá bhfeiceann tú é? Feicim é/í sa .........


### Ceol an loin dhuibh

A dhaltaí, dúnaigí bhur súile agus éistigí leis an gceol. Ansin, glaoigí amach ceol an loin dhuibh. Cuir an ghearrthóg thíos ar siúl.

https://www.youtube.com/watch?v=WmpEWImgRxQ



- Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé mo chóipleabhar/ peann luaidhe/mo lón/mo hata/mo spéaclaí liom.
- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh mé/Ní chuirfidh me.
- Cén t-éan ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom ________a fheiceáil.
- Cé na fuaimeanna a chuala tú ar maidin nuair a dhúisigh tú? Chuala mé ceol na n-éan/carr ar an mbóthar/madra ag tafann/ an t-aláram ag bualadh.





# Machnamh





## A.

- Suígí timpeall i gciorcal.
- Dúnaigí bhur súile
- Cuirigí bhur lámha suas san aer agus dúnaigí na lámha go docht.
- Cuirigí méar amháin suas gach uair a chloiseann sibh éan ag canadh.
- Tar éis 2 nóiméad: Cé mhéad éan difriúil a chuala sibh?
- Ar chuala aon duine an spideog? (Cuir an lámh suas)
- Ar chuala aon duine an lon dubh?





## B.


- Anois, bíodh píosa páipéir agus peann ag gach dalta.
- Cuir an staduaireadóir ar siúl ar feadh dhá nóiméad.
- Gach uair a chloiseann sibh éan ag canadh, cuir marcanna beaga ar an bpáipéar. Seasann na marcanna do rithim an amhráin.
- Taispeánann an múinteoir do na daltaí conas é a dhéanamh.
- Tar éis dhá nóiméad, déan iarracht aithris a dhéanamh ar na hamhráin don duine atá in aice leat.
- Úsáid na habairtí seo.
- An spideog é? Ní spideog é. Is ____ é.
- An lon dubh é? Ní lon dubh é. Is ____é.



## C. Féachaigí timpeall oraibh

- Féachaigí
- An bhfuil sibh ábalta éin a fheiceáil? Feicim … .
- Cá bhfuil sé/sí? Tá sé ag eitilt sa spéir/Tá sé ina shuí sa chrann/Tá sé san fhál/Tá sé ar an tsreang leictreach.
- Cad is ainm don éan sin, an bhfuil a fhios agat? _____ is ainm dó/di.
- Siúlaigí timpeall agus déan liosta de na héin a fheiceann sibh. Feicim lon dubh/spideog/préachán/ dreoilín/snag breac/faoileán
- Scríobh síos cá bhfuil siad le feiceáil. Feicim é sa chrann/ ar an bhféar/ar an tsreang leictreach/ar bharr an tí/ar bharr an tséipéil/ar dhíon na scoile.





## An Bata Taistil

- Ceangail an píosa páipéir leis an rithim a bhaineann le ceol na n-éan ar an mbata taistil. Cuir teideal air: Ceol na n-éan
- Croch an bata taistil suas sa rang.



# Ciorcal Dúlra



## Freagair na ceisteanna

- Cad a rinne tú sa rang inniu? Ghlac mé páirt i machnamh/d'éist mé leis na héin ag canadh/shiúil mé timpeall na páirce/
- Cén dá rud a thaitin leat faoin rang inniu? Thaitin an machnamh/ceol na n-éan liom/thaitin bheith ag féachaint ar na héin liom.
- Chuir mé píosa páipéir le rithim ceol na n-éan air.





# An Dreoilín

# 14

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg air, tá caisearbhán páipéir le rithim cheol na n-éan air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúir/duilleoga a chur air.




# An Dreoilín



Taispeáin pictiúr den dreoilín do na daltaí.
A pháistí, seo an dreoilín.

**Tá an dreoilín ar cheann de na héin is lú in Éirinn.**
Tá an dreoilín **beag** agus **donn**, mar sin, tá sé deacair é a fheiceáil nuair a bhíonn sé san fhál.
Bíonn sé i gcónaí ag canadh, fiú i rith an gheimhridh.
Tá scéal an-suimiúil ann faoin dreoilín.
Fadó, cuireadh comórtas mór ar siúl idir na héin.
Bhí siad ag iarraidh 'Rí na n-éan' a fháil amach. An dúshlán a bhí rompu: cé a bhí ábalta eitilit níos airde ná na héin go léir.
Bhí an t-iolar an-láidir agus d'eitlil sé an-ard. Ach, bhí an dreoilín beag glic i bhfolach i gcleite an iolair.
Nuair a bhí tuirse ar an iolar, tháinig an dreoilín amach agus d'eitil sé níos airde ná an t-iolar. Ba é Rí na n-éan é!
An t-éan nach bhfuil láidir, ní foláir dó a bheith glic!



## Ceisteanna

1. Tá an dreoilín ar cheann de na héin ___ __ in Éirinn.
2. Tá an dreoilín ______ agus ___________.
3. Bíonn sé i gcónaí ag canadh fiú i rith ___ ____________________.
4. Tá scéal an- _______ ann faoin dreoilín.
5. Fadó, cuireadh _____________ mór ar siúl idir na héin.
6. Bhí siad ag iarraidh '_____ ___ _____' a fháil amach.
7. An dúshlán a bhí rompu: cé a bhí ábalta eitilit _____ _____ná na héin go léir.
8. Bhí an t-iolar an-________agus d'eitlil sé an-ard. Ach, bhí an dreoilín beag _______ i bhfolach i gcleite an iolair.
9. Nuair a bhí ________ ar an iolar, tháinig an dreoilín amach agus d'eitil sé _______ _______ná an t-iolar. Ba é Rí na n-éan é!
10. An t-éan nach bhfuil _______, ní foláir dó a bheith _______!

## I mbeirteanna, freagair na ceisteanna seo a leanas

Cén dath atá ar an dreoilín? Tá dath ____ air.

Cén dath atá ar a ghob? Tá dath _____ ar a ghob.

Cén dath atá ar a eireaball? Tá dath ______ ar a eireaball.

An bhfuil an dreoilín beag/mór? Tá sé ____

Cén t-am den lá a chloiseann tú na héin ag canadh? Cloiseann tú na héin ag canadh ag breacadh an lae/ar do laethanta saoire/ ag meán lae/i lár na hoíche/um Nollaig/

## Ceol an dreolín

Taispeáin **gearrthóg den dreoilín** ag canadh do na daltaí. Féachaigí ar an dreoilín agus éistígí lena amhrán.

*A dhaltaí, dúnaigí bhur súile agus éistigí leis an gceol. Anois, glaoigí amach ceol an dreoilín.*

https://www.youtube.com/watch?v=zP7TepK7eAs



# Comhrá roimh dhul amach

- Cén sórt aimsire atá againn inniu? Tá sé ____
- An bhfuil sé tirim? Tá/Níl
- An bhfuil sé fuar? Tá/Níl
- Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.
- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh/Ní chuirfidh.
- Cén t-éan ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom _______a fheiceáil.









# Machnamh



A.


- Suígí timpeall i gciorcal.
- Dúnaigí bhur súile
- Cuirigí bhur lámha suas san aer agus dúnaigí na lámha go docht.
- Cuirigí méar amháin suas gach uair a chloiseann sibh éan ag canadh.
- Tar éis dhá nóiméad: Cé mhéad éan difriúil a chuala sibh?
- Ar chuala aon duine an dreoilín.
- Ar chuala aon duine an spideog?
- Ar chuala aon duine an lon dubh?
- Anois éistigí go géar arís ar feadh dhá nóiméad.
- Cad iad na fuaimeanna eile a chloiseann sibh? Cloisim .....
- An gcloiseann sibh fuaimeanna mí-nádúrtha? Cad iad? Cloisim na carranna ar an mbóthar/leoraí ar an mbóthar/an bus ag teacht/ bonnán/daoine ag caint/ceol.

B.

- Tabhair cárta biongó na n-éan do gach beirt. Caithfidh siad dul timpeall i mbeirteanna agus iarracht a dhéanamh na héin atá ar an gcárta a fheiceáil.








# Biongo na nÉan

| | | |
|---|---|---|
|  Fiacholm |  Gealbhan Binne |  Dreoilín |
|  Meantán Gorm |  Lon Dubh |  Snag breac |
|  Spideog |  Eala |  Fáinleog |

## Frásaí do Bhiongó na nÉan

- Féach ar an spideog ar an gcrann sin.
- Féach ar an lon dubh sa nead.
- Féach ar an éan donn sin ar an talamh.
- Féach ar an éan dubh ar an tsreang leictreach.
- Cad is ainm don éan sin? ______ is ainm dó/di.
- Nach bhfuil sé an-bheag?
- Tá gob buí/dubh air.
- Éist leis an amhrán.






### Suígí síos i gciorcal mór. Déan sceitse den éan is fearr leat. (Beidh cóipleabhar, peann luaidhe agus dathanna ag teastáil ó na daltaí.)

- **Taispeáin é don duine in aice leat.**
- **Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat.**
  - Cad is ainm don éan seo? ____ ________ is ainm don éan seo.
  - Cén dath atá air? Dath _____ atá air.
  - Cén dath atá ar a ghob? Dath _____ atá ar a ghob.
  - An bhfuil sé beag nó mór? Tá sé _____
  - An bhfuil a amhrán ar eolas agat? Canann sé mar __________

Cuir amhrán an dreoilín ar siúl dóibh. Caithfidh siad rince a chruthú chun dul leis an gceol.

https://www.youtube.com/watch?v=_dJ5zcNUROk



## An Bata Taistil

- Ceangail an píosa páipéir leis an bpictiúr de na héin a tharraing tú ar an mbata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang.






# Ciorcal Dúlra

## Freagair na ceisteanna

- **Cad a rinne tú sa rang inniu?** Ghlac mé páirt i machnamh/d'éist mé leis na héin ag canadh/shiúil mé timpeall na páirce/tharraing mé pictiúr.
- **Cén dá rud a thaitin leat faoin rang inniu?** Thaitin an machnamh/ceol na n-éan liom/thaitin sé liom a bheith ag féachaint ar na héin / thaitin biongó na n-éan liom.
- **Cad a chuir tú ar do bhata taistil innu?** Chuir mé píosa páipéir le pictiúr de __________ agus __________ air.









# Éin eile

# 15

## Tóg do bhata taistil anuas ón mballa.

### Cuir ceist ar do chara

- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg air, tá caisearbhán páipéir le rithim cheol na n-éan air, tá pictiúr d'éan air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúr/duilleoga a chur air.



# Éin eile

**Cuir na focail 'Éin eile' ar an gclár bán**

**1.** Taispeáin grianghraif d'fhaoileán, d'eala, de chuach agus de dhruid dóibh.

**2.** Meaitséail an t-éan leis an ainm ceart.

1


2


3


4


**fáinleog**


**eala**

**cuach**

**druid**

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| | | | |


# Léamhthuiscint



Tagann éin ó thíortha teo go hÉirinn gach earrach.
Fanann **siad in Éirinn** go dtí **Meán Fómhair**.
Tagann na fáinleoga ón Afraic.
Bíonn turas fada dáinséarach acu.
Go minic, eiltíonn **na héalaí** le chéile i gcruth V.
Déanann siad é seo mar bíonn an eitilt níos éasca dóibh agus iad sa chruth sin.
Bíonn siad ag caint le chéile faoi dháinséar ar bith a bhíonn timpeall orthu.
Bíonn an ceannaire ag barr an V.
Nuair a shroicheann na héin Éire, tógann siad neadacha agus bíonn éin óga acu.

## Ceisteanna

1. Tagann éin go hÉirinn ó thíortha _____ gach _________.
2. Fanann siad anseo go dtí ______________.
3. Cad as a dtagann na fáinleoga? Tagann na fáinleoga ó ________?
4. Bíonn turas ______ _______________ acu.
5. __________ na healaí i gcruth V.
6. Déanann siad é seo mar bíonn an eitilt ______ ______ dóibh agus iad sa chruth sin.
7. Bíonn siad ____ _______ le chéile faoi dháinséar ar bith a bhíonn timpeall orthu.
8. Bíonn an ___________ ag barr an V.
9. Nuair a shroicheann na héin Éire, ________ siad ________ agus bíonn éin óga acu.



## Taispeáin pictiúr de d'éalta do na daltaí.

Cé hiad na héin ata ag eitilt? Tá fáinleoga/druideanna/ealaí/spideoga/dreoilíní ag eitilt sa phictiúr.
An bhfuil a fhios ag aon duine cén fáth a ndéanann siad é seo?

### Cuir tic leis an gceann ceart

- Bíonn siad ag caint le chéile
- Bíonn siad ag dul ag siopadóireacht.
- Tugann siad cosaint dá chéile
- Bíonn siad ag pleidhcíocht
- Bíonn siad níos teo le chéile.

# Comhrá roimh dhul amach

I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.


- Cén sórt aimsire atá againn inniu?
- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh? Ní chuirfidh
- Cad a thabharfaidh tú leat? Tabharfaidh mé_______liom.
- Cén t-éan ba mhaith leat a fheiceáil? Ba mhaith liom _______a fheiceáil.
- Cá bhfeicfidh tú é? Feicfidh mé é ar/ i/ sa _______







# Cluiche amuigh faoin aer



Táimid chun cluiche a imirt anois a pháistí.
Tá an cluiche seo cosúil leis na healaí ag eitilt le chéile i gcruth V.
Bíonn ceannaire acu.
Éisteann gach duine leis/léi
Éiríonn an ceannaire tuirseach.
Ansin, athraíonn siad an ról.

## Treoracha


- Ceathrar i ngach grúpa
- Seasaigí i líne. Gach duine ag dul sa treo céanna.
- Dúnann gach duine a súile seachas an duine ar chúl.
- Is é an duine atá ar chúl an ceannaire.
- Tugann sé treoracha do na 'héin' eile trí chód.
- Buail an dá ghualainn, téigh ar aghaidh
- Buail an ghualainn chlé, téigh ar chlé
- Buail an ghualainn dheas, cas ar dheis.
- Lámha ar an gceann, crom síos.
- Téann an treoir ón gcúl ó dhuine go duine go dtí barr an líne.
- Caithfear gach rud a dhéanamh go mall.
- De ghnáth, éiríonn an ceannaire tuirseach, mar sin, athraigh an ceannaire tar éis tamaill.
- Tabhair sprioc do na daltaí.
- Caithfidh siad dul chomh fada leis an gcón.

## An Bata Taistil

- Ceangail an píosa páipéir leis an bpictiúr den fháinleog ar an mbata taistil.
- Croch an bata taistil suas sa rang




# Ciorcal Dúlra




- Cuir an t-amhrán ‘Fáinleog’ (le ‘The Gloaming’) ar siúl.
- **Dathaigh an pictiúr** den fháinleog atá le feiceáil thíos.
- Tá an t-amhrán ‘fáinleog’ **faoi thuras na fáinleoige**. Éist leis an amhrán arís.
- Inis dom an bhfuil **mothúcháin dhifriúla** le brath san amhrán.
- Cad iad na mothúcháin sin? Cloisim áthas/brón/eagla/imní/sonas/fearg.
- Cad é an mothúchán ag tús an amhráin? Ag tús an amhráin, tá áthas/brón/fearg/ocras/imní/bród ar an bhfáinleog.
- Cad é an mothúchán ag deireadh an amhráin? Ag deireadh an amhráin, tá áthas/fearg/lúchair/fearg/bród/ocras/sonas ar an bhfáinleog.
- Ag deireadh an ranga, cuir an t-amhrán ar siúl arís agus caithfidh na daltaí rince timpeall an tseomra.
- Ordú: Bí cosúil leis an bhfáinleog ag eitilt go tapa anseo is ansiúd.













# Sníomhaí Snámhaí

# 16

Inniu, a pháistí, beimid ag foghlaim faoi na sníomhaithe snámhacha a bhíonn ina gcónaí sa gháirdín, sa choill agus sa chlós agus sa pháirc.

- I dtús báire, tóg do bhata taistil anuas ón mballa.
- Cuir ceist ar do chara
- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air, tá m’aois air, tá pictiúr de shióg air, tá caisearbhán páipéir le rithim cheol na n-éan air, tá pictiúr d’éan air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúir de shníomhaithe snámhacha/dhuilleoga a chur air.



## Ceisteanna i mbeirteanna: Féach ar gach pictiúr agus freagair na ceisteanna thíos

Úsáid na focail seo:
cláirseach  damhán alla  ocht  nead seangán  bóín Dé  ceithre





**Ciaróg**



**Seangán**



**Féileacán**



**Cláirseach**



**Damhán alla**



**Bóín Dé**


1. Cad é an t-ainm ata ar an leaid beag dearg? ______ ______ an t-ainm ata air.
2. Cé mhéad cos atá faoin damhán alla? Tá ______ gcos faoin _______ ________.
3. Cén mhéad spota beag bán atá ar an bhféileacán? Tá _____ spota beag bán air.
4. An bhfaca tú cláirseach cheana féin? Chonaic/Ní fhaca mé __________ cheana féin.
5. Cá bhfuil an seangán ina chónaí? Tá sé ina chónaí i __________.
6. Críochnaigh an seanfhocal 'Aithníonn ciaróg.....

# Comhrá roimh dhul amach



I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.

- Cén sórt aimsire atá againn inniu? Tá sé ..
- An bhfuil sé tirim? Tá/Níl
- An bhfuil sé fuar? Tá?Níl
- An dtabharfaidh tú do chóta leat? Tabharfaidh/Ní thabharfaidh
- Cén svíomhaí snámhaí ba mhaith leat a fheiceáil?
  Ba mhaith liom __________a fheiceáil.







## Machnamh/Seilg na bhfeithidí (Tabhair píosa páipéir bán A4 do gach beirt)

- Féach go ciúin ar feadh trí nóiméad ar chrann éigin. Déan iarracht crann dúchasasch a fháil. Ainmnigh cúpla crann dúchasach (crann darach/crann beithe/crann sailí/fuinseog/an Péine Albanach).
- Suigh go ciúin in aice leis an gcrann ar feadh trí nóiméad.
- Déan liosta de na sníomhaithe snámhacha a fheiceann sibh. Cá bhfeiceann sibh iad? Líon isteach an tábla thíos (Scríobh focail nó tarraing pictiúr).
- Cuir píosa páipeir bán faoi chrann/chraobh/nó fhál.
- Croith an crann/craobh/an fál.
- Déan liosta de na feithidí a thiteann ar an bpáipéar bán A4. Líon isteach an tábla thíos. Is féidir focal a scríobh nó pictiúr a tharraingt.
- Féach faoi chlocha, faoi dhuilleoga, faoi phíosa adhmaid ar an talamh. Cad atá ina gcónaí ann? Tá ciaróga/cláirsigh/damháin alla ina gcónaí faoi __________.
- Líon isteach an tábla le focal nó pictiúr.

| An Áit | Cén fheithid/t-ainmhí beag? | Cé mhéad? |
|---|---|---|
| Ar an bpíosa páipéir A4 | | |
| Faoi chloch | | |
| Faoi phíosa adhmaid | | |
| Faoi dhuilleoga ar an talamh | | |
| Ar choirt crann dúchasach | | |
| Ar choirt crann gallda | | |

- Féach go ciúin ar feadh trí nóiméad ar chrann éigin. Déan iarracht **crann gallda**/nach bhfuil dúchasach a fháil. Ainmnigh ceann amháin (crann feá, seiceamar, crann cnó capaill, crann silíní).
- Déan liosta de na feithidí a fheiceann sibh agus cá bhfeiceann sibh iad.
- Líon isteach an tábla. Is féidir focal a scríobh nó pictiúr a tharraingt.
- Cuir an páipéar A4 faoin gcrann/bhfál/gcraobh.
- Croith an crann agus féach ar cad a thagann amach.
- Déan liosta de na svíomhaithe snámhacha a thiteann de chrann/ fhál/chraobh.
- Féach ar an dá shuirbhé. Cé mhéad feithid a chonaic sibh ar an gcrann nó in aice leis gcrann dúchasach.
- Cé mhéad feithid a chonaic sibh ar an gcrann gallda? (An crann nach bhfuil dúchasach)
- An bhfuil an crann dúchasach nó an crann gallda níos fearr don fhiadhúlra agus don éiceachóras?

## Rólghlacadh (Aithníonn ciaróg ciaróg eile)

- Seasaigí i gciorcal mór
- I mbeirteanna, tá sibh chun comhrá a bheith agaibh.
- Is ciaróga sibh.
- Buaileann sibh le chéile agus bíodh comhrá agaibh.



'Aithníonn ciaróg ciaróg eile'

### Úsáid na habairtí seo thíos:

Cá bhfuil tú i do chónaí? Táim i mo chónaí faoi chloch/sa chrann/faoi phíosa adhmaid/i gcrann marbh.

Cad a itheann tú? Ithim adhmad/duilleoga/plandaí.

An bhfuil eagla ort roimh aon rud?  Tá eagla orm roimh éin/damháin alla/fhéileacáin/fhroganna/ghráinneoga

Cén crann is fearr leat? Is fearr liom an crann darach/an fhuinseog/an crann beithe..

Cad a dhéanann tú nuair a fheiceann tú éan mór? Rithim go tapa/ Téim faoi dhuilleog/téim faoi chloch/téim isteach sa chrann.


- Déan an comhrá leis an mbeirt in aice leat.

## An Bata Taistil

Scríobh síos an abairt seo ar phíosa páipéir: Is é an sníomhaí snámhaí is fearr liom ná ____________. Tarraing pictiúr in aice leis an abairt. Cuir an píosa páipéir ar do bhata taistil. Croch an bata taistil suas sa rang.



# Ciorcal Dúlra



- Cad iad na sníomhaithe snámhacha a chonaic tú inniu? Chonaic mé ciaróga/seangáin/bóín Dé/damhán alla, cláirseach.
- Cár chonaic tú é/í?
- Cad a chuir tú ar do bhata taistil inniu? Chuir mé duilleoga/ bláthanna/pictiúir de shníomhaithe snámhacha ar mo bhata taistil.







# Na Beacha

## 17

Inniu, a pháistí, beimid ag foghlaim faoi bheacha.

- Ar dtús, tóg do bhata taistil anuas ón mballa.
- Cuir ceist ar do chara
- Cad atá ar do bhata taistil? Tá duilleoga/cleite/cipíní/peitil/bláthanna air. Tá ainmneacha crann air, tá m'aois air, tá pictiúr de shióg air, tá caisearbhán páipéir le rithim cheol na n-éan air, tá pictiúr d'éan air, tá pictiúr de shníomhaí snámhaí air.
- Cad ba mhaith leat a chur air inniu? Ba mhaith liom bláthanna/foclóir/pictiúir/duilleoga a chur air.



**Anois, a pháistí, beimid ag foghlaim faoi bheacha.**
Táispeáin pictiúr de bhumbóg agus de bheach mheala dóibh.





# Léamhthuiscint

Tá dhá shaghas beiche ann: an bhumbóg agus an bheach mheala.

Tá siad an-tábhachtach don éiceachóras.

Téann siad go dtí an bláth chun neachtar a fháil.

Greamaíonn an phailin ón mbláth ar chosa na mbeach.

Nuair a bhíonn na beacha ag dul ó bhláth go bláth scaipeann siad pailin.

Cabhraíonn sé seo le fás na mbláthanna agus plandaí eile.

Tá saol na mbeach i mbaol in Éirinn mar níl go leor bláthanna ag fás dóibh.

Caithfidh gach duine iarracht a dhéanamh níos mó bláthanna a chur ina ngairdíní.

Féach ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an bhumbóg agus an bheach mheala.

## Ceisteanna:

1. Tá ___shaghas beiche ann: an _________ agus an bheach _________.
2. Tá siad tábhachtach don ____________.
3. Téann siad go dtí an bláth chun _________ a fháil.
4. Greamaíonn an ______ ar chosa na mbeach.
5. Nuair a bhíonn siad ag dul ó bhláth go bláth, _________ siad pailin.
6. Cabhraíonn sé seo le _________ na mbláthanna agus plandaí eile.
7. Tá saol na mbeach i ________ mar níl go leor bláthanna ag fás dóibh.
8. Caithfidh gach duine iarracht a dhéanamh ______ ______ bláthanna a chur ina ngairdíní.
9. Tá an bhumbóg ________ ______ ná an bheach mheala.
10. Tá an bheach mheala _________ ________ ná an bhumbóg.
11. Tá coim chaol ar an ________.
12. Bailíonn an bhumbóg agus an bheach mheala________ ón mbláth.
13. Is ___________ í an bhumbóg.
14. Déanann an bheach mheala ______.
15. Ní ___________ an bhumbóg mil.



**I mbeirteanna roimh dhul amach bíodh comhrá gearr ag gach péire.**

- Cén sórt aimsire atá againn inniu? Tá sé ____
- An bhfuil sé tirim____? Tá/Níl
- An bhfuil sé fuar? Tá/Níl
- An gcuirfidh tú do chóta ort? Cuirfidh/Ní Chuirfidh
- Cad ba mhaith leat a fheiceáil inniu sa chlós/sa pháirc/sa choill? Ba mhaith liom _______ a fheiceáil.
- Cá mbeidh na beacha le feiceáil, an dóigh leat? Beidh siad ar na bláthanna/ar an bhféar/ar na plandaí/ar na crainn/ag eitilt timpeall.
- Cé na fuaimeanna a chuala tú nuair a bhí tú sa chlós/sa choill? Chuala mé na héin ag canadh/na beacha ag crónán/an ghaoth ag séideadh/madra ag tafann.






# Machnamh

**Seasann na daltaí i gciorcal mór**



- Dún do shúile
- Éist go géar.
- Éist leis na héin.
- An bhfuil tú ábalta na beacha a chloisteáil?
- An bhfuil tú ábalta aon fheithidí eile a chloisteáil?
- Cuir do lámh ar do chroí.
- Análaigh isteach trí do shrón ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh amach trí do bhéal ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh isteach trí do shrón ar feadh cúig shoicind.
- Análaigh amach trí do bhéal ar feadh cúig shoicind.
- Luigh siar ar an bhféar.
- Féach ar na scamaill.
- An bhfuil tú ábalta cruthanna a fheiceáil sna scamaill? Cad iad? Ainmhithe/aghaidheanna?
- Taispeáin iad don duine in aice leat.











# Buamaí Síolta

A pháistí, táimid chun bláthanna a chur i ngairdín na scoile. Tá sé níos fearr bláthanna dúchasacha a chur mar beidh níos mó pailine agus neachtair iontu. An bhfuil aon bhláthanna dúchasacha ar eolas agaibh?
Déanfaimid buamaí síolta agus caithfimid iad ar an talamh. Fásfaidh bláthanna fiáine áille. Beimid ag cabhrú leis na beacha.

1


Líon basún le cupán uisce, cré agus múirín. (Bíodh cúig bhasún ann do chúig ghrúpa)

2


Cuir isteach dornán de shíolta. (is féidir iad a cheannach ó https://connectingtonature.ie/collections/spring-sowing-wildflowers/products/butterflyandbeewildflowermix

3


Measc iad go léir le chéile.

4


Déan liathróidí den mheascán le do lámha.

5


Cuir na liathróidí isteach i mbosca uibheacha.


6


Caith na liathróidí ar phíosa talaimh a fhaigheann an ghrian.

7


Féach orthu ag fás i rith na seachtaine ina dhiaidh sin.

# Ciorcal Dúlra



- Seasaigí i gciorcal mór
- Dear agus tarraing póstaer idir beirt leis an teachtaireacht: Sábháil na beacha!!’

